

Nuachtlitir Scoil Chualann

Meabhrú: Tá físeán na Nollag déanta ag na ranganna go léir i Scoil Chualann ó na Naíonáin go dtí Rang a Sé! Tá drámaíocht agus amhránaíocht ann. Bígí ag faire amach!

Reminder to keep an eye out for The Scoil Chualann Christmas Vimeo which is coming soon!

Cuairteoir Speisialta

Bhí Lá Gheansaí na Nollag againn ar an 10ú lá Nollaig. Tháinig gach dalta ar scoil le geansaí Nollag orhtu. Tháinig Daidí na Nollag go dtí Scoil Chualann an mhaidin sin. Thug sé pas obair bhaile dúinn mar bhíomar an-mhaith i mbliana! Bhí sé an-fhlaitiúil linn. Shiúil sé thar gach rang lena chloigín bheag. Chomh maith le sin, bhí seisiúin Zoom ag Daidí na Nollag leis na Naíonáin Bheaga agus Mhóra. Bhí áthas an domhain ar na páistí!

Máinséar Muintir Uí Dhubhda

Tá an máinséar naofa ar ais sa halla i mbliana. Rinne Róisín Ní Dhubhda an máinséar álainn dúinn le trí bliana anuas. Rinne a máthair, Deirdre Ní Dhubhda, dúinn é 'chuile bhlian roimhe sin. Tá muid go léir an-bhuíoch as an obair a rinne sí thar na blianta. Gabhaimid buíochas le Muintir Uí Dhubhda as ucht an máinséar gleoite!



Scoil Chualann would like to thank Róisín Ní Dhubhda for continuing the tradition of creating the school crib. The manger is a custom Róisín's Mum begun in the school's early years.



Míle Buíochas!

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach i Lá Gheansaí Na Nollag. Bhailíomar 638 Euro. Beidh an t-airgead ag dul go dtí Purple House agus BARSS.

Chomh maith le sin bhailíomar 500 euro i mí na Samhna nuair a ghéasamar d'Oíche Shamhna.

Beidh an t-airgead sin á úsáid ag an scoil don teicneolaíocht. Tá muid an-sásta go bhfuairamar an méid sin airgid. Táimid an-bhuíoch as ucht na hoibre go léir a rinne Coiste na dTuismitheoirí ar ár son.

A big thank you to the members of Coiste na dTuismitheoirí for all their work for Lá Geansaí na Nollag and Oíche Shamhna!

Naíonáin Bheaga

Rinne na Naíonáin Bheaga Dráma gairid don Nollaig. Bhain siad an-spraoi as. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Shane Ó hÓgáin, daidí Bonnie agus Howie as an dráma a thairfead dúinn. Táimid fíorbhuíoch.



The Late Late Toy Show

Bhí an Late Late Toy Show ar siúl ar an 27ú lá de Mhí na Samhana agus bhí beagnach gach duine in Éirinn ag féachaint air! Bhí Gardaí ann chun a chíntiú go raibh gach duine dhá mhéadar óna chéile. Bhí damhsa agus amhránaíocht an oíche sin. Bhailigh siad 6.2 milíun euro do charthanais leanaí. Bhí an seó an-spraoiúil!

Cártaí Poist

Sheolamar cártaí poist chuig na cónaitheoirí i dTeach Altranais Naomh Coleman i Ráth Druma. Ghlac gach páiste i Scoil Chualann páirt agus ghlac go leor scoileanna eile in Éirinn páirt freisin. Tá súil againn gur thaitin na cártaí leis na cónaitheoirí i dTeach Altranais Naomh Coleman.

Teachtaireacht ó Eithne Ní Chinnéide

A Chairde,

Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a rá libh as ocht an dearbhán do-chreidthe a sheol sibh chugam agus a tháinig sa phost. Táim fíorbhuíoch.

Nollaig Shona daoibh go léir, sibhse, tuismitheoirí agus páistí álainn Scoil Chualann. Beannacht Dé oraibh go léir agus go mbeidh blianta sona, sábháilte, sláintiúil amach róimh.

Le grá agus dea-ghuí,
Eithne Ní Chinnéide.

Nollaig Shona Ó Scoil Chualann!

Tá dhá chrann Nollag speisialta nua againn i Scoil Chualann. Rinne na páistí maisiúcháin do na crainn Nollag. Cuidíonn na crainn linn cuimhniú: cé go bhfuilimid scartha, táimid ceangailte le chéile.



♡ Nollaig Shona ó Rang a 5 a scríobh an nuachtlitir seo! ♡

Cluiche!

Aimsigh d'ainm lucharacháin! Úsáid túslitreacha d'ainm agus do shloine chun d'ainm lucharacháin a oibriú amach.

- A: Lucharachán
- B: Scairf
- C: Stocaí
- D: Aingeal
- E: Simléar
- F: Clúmhach
- G: Tinsil
- H: Tinteán
- I: Hata
- J: Máróg
- K: Crann
- L: Pleascóg Nollag
- M: Callóga Sneachta
- N: Amhráin
- O: Cána Candaí
- P: Clogíní
- Q: Lámhíní
- R: Nollaig
- S: Soilse
- T: Fleasc
- U: Carr Sleamhnáin
- V: Coinnle
- W: Réalta
- X: Píóg
- Y: Bronntanais
- Z: Fia rua